AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2026
COM(2026) 960 final

2026/0196 (BUD)

LITIR LEASAITHEACH UIMH. 1 A GHABHANN LE DRÉACHTBHUISÉAD 2027

Riachtanais mheasta nuashonraithe le haghaidh caiteachas talmhaíochta
Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 42 de,

– dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2027, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 9 Iúil 2026[3],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Litir Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2027, ar na cúiseanna a leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta caiteachais agus ioncaim, agus ar na ráitis ioncaim agus chaiteachais de réir roinne, le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm). Tá leagan Béarla de na hathruithe ar an ráiteas seo i gceangal leis seo, mar fhaisnéis, mar iarscríbhinn bhuiséadach.

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj.

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

[3] COM(2026) 300, 9.7.2026.

Clár

1. RÉAMHRÁ 3

2. COSTAIS CHISTITHE CHOSTAIS SEIRBHÍSITHE FIACHAIS NA hIASACHTA TACAÍOCHTA DON ÚCRÁIN 6

3. AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT) 6

4. NA BEARTA ÉIGEANDÁLA FAOI SHRAITH AN BHIASHLABHRA DE CHLÁR AN MHARGAIDH AONAIR A THREISIÚ 8

5. COIGEARTÚ AR NA LEITHREASUITHE ARNA N-IARRAIDH AG AN INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT 8

6. AN COMHGHNÓTHAS UM SHLISEANNA LEITHREASUITHE A THABHAIRT AR AIS 9

7. OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH (OIPE) A THREISIÚ 9

8. NUASHONRÚ AR NA COMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH INBHUANAITHE 10

9. SAORADH CÚLCHISTE - AN CLÁR UM NUÁLAÍOCHT SHOFHREAGRACH MHEAR I RÉIMSE NA COSANTA 10

10. AN LÍNE MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH, COSAINT AR RADAÍOCHT AGUS COIMIRCÍ (ICSN) A THREISIÚ 11

11. AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH (CEANNTEIDEAL 7) 11

12. CAITEACHAS RIARACHÁIN A MHÉADÚ AGUS PLEANANNA BUNAÍOCHTA A CHOIGEARTÚ CHUN ULLMHÚ D'AONTACHAS MHONTAINÉAGRÓ LEIS AN AONTAS 17

13. LAGHDÚ AR LEITHREASUITHE LE hAGHAIDH IONAD AISTRIÚCHÁIN CHOMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH 18

14. RIACHTANAIS TUARASTAIL NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE 18

15. COIGEARTUITHE SONRACHA AR GHNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS AR GHNÍOMHAIREACHTAÍ FEIDHMIÚCHÁIN 20

15.1. An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a threisiú 20

15.2. Líne chúlchiste a shaoradh - An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia 20

15.3. Treisiú le haghaidh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpach 21

15.4. Treisiú le haghaidh na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh 21

15.5. Plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Taighde a leasú 22

15.6. Plean bunaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí a leasú 22

16. MAOINIÚCHÁN 22

17. TÁBLA ACHOIMRE DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 24

1. RÉAMHRÁ

Le Litir Leasaitheach Uimh. 1 (LL 1/2027) a ghabhann leis an dréachtbhuiséad don bhliain 2027 (DB 2027), cumhdaítear na gnéithe seo a leanas, mar thoradh ar fhaisnéis nua atá ar fáil de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509:

— Na riachtanais le haghaidh líne chostais seirbhísithe fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a thabhairt cothrom le dáta;

— Na riachtanais mheasta, an t-ioncam sannta agus na leithreasuithe maidir leis an gcaiteachas talmhaíochta a thabhairt cothrom le dáta. Mar aon le tosca athraitheacha margaidh, cuimsítear in LL 1/2027 freisin tionchar cinntí san earnáil talmhaíochta ó glacadh DB 2027 i mí Iúil 2026;

— An deighilt idir línte cúlchiste agus oibríochtúla le haghaidh na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a thabhairt cothrom le dáta, agus na prótacail nua leis na Séiséil agus le hOileán Mhuirís á gcur san áireamh;

— Na bearta éigeandála faoi shraith an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair a threisiú, chun bearta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit a chómhaoiniú tar éis sraith ráigeanna de ghalair ainmhithe lena n-áirítear Fliú Éanúil Ardphataigineach agus Fiabhras Afracach na Muc;

— Laghdú a dhéanamh ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Chomhghnóthais um Shliseanna mar gheall ar mhéadú ar ioncam sannta;

— Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas laistigh den chlár Fís Eorpach a ath-leithdháileadh ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, tar éis leachtú Phobal Eolais agus Nuálaíochta Monaraíochta na Institiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, chun an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach a threisiú;

— Leithreasuithe agus foireanna threisiú le haghaidh rannpháirtíocht na hUngáire i gcomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE);

— An deighilt idir línte cúlchiste agus oibríochtúla le haghaidh an chláir um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a thabhairt cothrom le dáta, tar éis an chomhaontaithe shealadaigh ar tháinig na comhreachtóirí air;

— Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a threisiú le haghaidh sábháilteacht núicléach, cosaint ar radaíocht agus coimircí mar chuid de Ghealltanas Shearnóbail. Tá sé beartaithe an méadú a chúiteamh le laghdú coibhéiseach, i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ar an líne a bhaineann le Comhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach - Soláthar an chiste don soláthar coiteann agus ar an líne bhuiséid a bhaineann leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais - Soláthar an chiste don soláthar coiteann;

— Coigeartuithe ar cheannteideal 7 ‘Riarachán Poiblí Eorpach’:

- Tionchar an choigeartaithe tuarastail níos airde le haghaidh 2026 ar chaiteachas riaracháin na n-institiúidí agus ar phinsin a chur san áireamh tar éis meastacháin nuashonraithe maidir le cumhacht cheannaigh agus boilsciú, i gcomparáid leis na paraiméadair a úsáideadh agus dréachtbhuiséad 2027 á ullmhú;
- Treisiú i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh Pharlaimint na hEorpa chun leanúnachas na n-íocaíochtaí pinsin faoin Scéim Pinsin Dheonach a áirithiú, agus breithiúnais na Cúirte Ginearálta an 17 Nollaig 2025 á gcur san áireamh freisin;
- Leibhéal an chaiteachais riaracháin a mhéadú agus na pleananna bunaíochta le haghaidh na Comhairle agus an Choimisiúin a choigeartú chun ullmhú d’aontachas Mhontainéagró leis an Aontas;

- Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a laghdú le haghaidh an fhóirdheontais chomhardaithe d'Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, mar thoradh ar riachtanais laghdaithe agus méadú ar an ioncam ionchasach.

— Coigeartuithe ar an leibhéal leithreasuithe le haghaidh gníomhaireachtaí díláraithe áirithe, rud atá nasctha le nuashonrú tuarastail 2026;

— Coigeartuithe breise ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe agus feidhmiúcháin, mar a leanas:

- Treisiú ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán i bhfianaise an sceidil cur chun feidhme nuashonraithe le haghaidh an phacáiste 'Substaint Amháin, Measúnú Amháin'[4]. Tá sé beartaithe na méideanna breise a chúiteamh le laghdú coibhéiseach ar an gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE);
- Treisiú ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, mar gheall ar ghlacadh an Rialacháin maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí[5]. Tá sé beartaithe na méideanna breise a chúiteamh le laghdú coibhéiseach ar Chlár an Margaidh Aonair;
- Treisiú ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach i bhfianaise an chomhaontaithe pholaitiúil maidir leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla. Tá sé beartaithe na méideanna breise a chúiteamh le laghdú coibhéiseach ar an gClár EU4Health;
- Treisiú ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) chun costais tuarastail mhéadaithe na gníomhaireachta a chumhdach;
- Coigeartú ar Phlean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde;
- Coigeartú ar Phlean bunaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí.

Ar an iomlán, is é glantionchar LL 1/2027 ar chaiteachas in DB 2027 laghdú EUR 365,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 426,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

(in EUR milliún)

Clár	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Costas seirbhísithe fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin	– 500,0	– 500,0
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)	– 81,1	– 127,1
Clár an Mhargaidh Aonair	78,0	62,5
Fís Eorpach	– 87,0	– 87,0
Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)	2,2	2,2
Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe	0,0	0,0
An Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta	0,0	0,0
An Ionstraim Eorpach maidir le Sábháilteacht Núicléach	18,6	18,6
Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)	– 18,6	– 18,6
Pinsin agus Scoileanna Eorpacha	70,9	70,9
Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	135,9	135,9
Coigeartuithe eile ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe	15,6	15,6
Iomlán	**– 365,3**	**– 426,8**

Tugtar tuilleadh eolais faoi gach comhpháirt sna ranna seo a leanas.

4 IO L, 2025/2455, 12.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2455/oj.

5 Rialachán (AE) 2026/1388 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

Sonraítear na línte buiséid ábhartha san iarscríbhinn bhuiséadach, mar aon le nuashonrú ar an ioncam a eascraíonn as na hathruithe caiteachais a áirítear sa litir leasaitheach seo.

2. COSTAIS CHISTITHE CHOSTAIS SEIRBHÍSITHE FIACHAIS NA HIASACHTA TACAÍOCHTA DON ÚCRÁIN

Ar bhonn réamh-mheastacháin eisíocaíochtaí na hIasachta Tacaíochta don Úcráin go dtí deireadh an tríú ráithe de 2026 agus rátaí úis, i gcomhthéacs dhréachtbhuiséad 2027 mhol an Coimisiún méid iomlán EUR 1 150 milliún chun na costais seirbhísithe fiachais a bhaineann le hiasachtaíocht na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a chumhdach.

An 30 Meán Fómhair 2026, EUR 14,9 billiún ar an iomlán a bhí in eisíocaíochtaí na hIasachta Tacaíochta don Úcráin, i gcomparáid le EUR 30,5 billiún a tuaradh tráth a bunaíodh DB 2027. Mar thoradh air sin, tá costais chistithe níos ísle ann.

Dá bhrí sin, déantar laghdú EUR 500 milliún ar an gcostas seirbhísithe fiachais deiridh i gcomparáid le DB 2027. Molann an Coimisiún an leibhéal leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus an leibhéal leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann le líne na gcostas seirbhísithe fiachais le haghaidh na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a laghdú dá réir sin, mar a léirítear sa tábla thíos:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
16 07 01	Costas seirbhísithe fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin	– 500 000 000	– 500 000 000
Iomlán		**– 500 000 000**	**– 500 000 000**

Tá sé beartaithe na riachtanais fhoriomlána deiridh dar luach EUR 650 milliún le haghaidh 2027 a mhaoiniú trí EUR 43,1 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Sholúbthachta, EUR 128,2 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a) agus EUR 478,8 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(c). Dá bhrí sin, i gcomparáid le DB 2027, déantar laghdú EUR 7,2 milliún ar dhul ar iontaoibh na hIonstraime Solúbthachta, déantar laghdú EUR 206,9 milliún ar dhul ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair 11(1)(a) agus déantar laghdú EUR 285,9 milliún ar dhul ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair 11(1)(c).

3. AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)

Le LL 1/2027 tugtar na meastacháin maidir le caiteachas talmhaíochta cothrom le dáta ar bhonn na sonraí is déanaí. Faoi mhí Mheán Fómhair 2026, bhí faisnéis nuashonraithe ar fáil don Choimisiún maidir leis an ionchas le haghaidh na margaí talmhaíochta chomh maith le figiúirí iarbhír don chuid is mó d'fheidhmiú bhuiséad 2026 le haghaidh chomhpháirt CERT atá faoi bhainistíocht chomhroinnte.

Meastar anois gurb é EUR 41 864,2 milliún[6] riachtanais fhoriomlána CERT le haghaidh 2027, lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta. Is méadú EUR 816 mhilliún é sin i gcomparáid le DB 2027, arb iad na nithe seo a leanas is cúis leis:

1) riachtanais bhreise EUR 701 mhilliún sa chúlchiste talmhaíochta le haghaidh na mbeart eisceachtúil a glacadh in 2026 agus a ndearbhófar an caiteachas ina leith i mbliain talmhaíochta 2027;

2) riachtanais bhreise EUR 95 mhilliún le haghaidh bhearta agus idirghabhálacha margaidh na mBallstát faoi airteagail bhuiséid 08 02 02 agus 08 02 03, i gcomhréir leis an treocht a tugadh faoi deara in 2026;

[6] Áirítear leis na riachtanais fhoriomlána EUR 40 474,2 milliún de leithreasuithe úra móide EUR 676 mhilliún d'ioncam sannta a mheastar a bhaileofar in 2027, ní áirítear aon bharrachas le haghaidh 2026 agus áirítear EUR 714 mhilliún de thabhairt anonn an chúlchiste talmhaíochta.

3) riachtanais bhreise EUR 18 milliún le haghaidh íocaíochtaí díreacha faoi airteagail bhuiséad 08 02 04 agus 08 02 05, ós rud é go meastar go bhfanfaidh leibhéil forghníomhaithe in 2027 ard, i gcomhréir leis an treocht a tugadh faoi deara in 2025 agus 2026;

4) riachtanais bhreise EUR 2 mhilliún faoi airteagal buiséid 08 02 06 'Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh'.

In 2026, glacadh bearta eisceachtúla faoin gcúlchiste talmhaíochta dar luach EUR 748 milliún. Astu sin, tuartar go n-íocfar EUR 47 milliún in 2026, agus tabharfar EUR 701 mhilliún anonn go dtí 2026 i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán Cothrománach CBT[7]. Leis sin, méadófar an cúlchiste talmhaíochta in 2026 go EUR 1 151 mhilliún, rud a fhágfaidh EUR 450 milliún ar fáil le haghaidh bearta nua. Maoineofar na bearta nua sin trí mheascán den mhéid de chúlchiste talmhaíochta 2026 nár caitheadh agus a tugadh anonn go dtí 2027 agus nach bhfuil leithdháilte ar bhearta eisceachtúla go fóill (EUR 12,9 milliún) agus leithreasuithe CERT 2027 a vótáladh ar a son (EUR 437,1 milliún).

Ar an taobh eile, méadófar méid iomlán an ioncaim shannta agus na leithreasuithe a thugtar anonn (lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta) a mheastar a bheidh ar fáil in 2027 ó EUR 493 mhilliún a tuaradh tráth ullmhaithe an Dréachtbhuiséid go EUR 1 390 milliún. Sa bhreis ar thabhairt anonn EUR 714 mhilliún de na leithreasuithe nár úsáideadh faoin gcúlchiste talmhaíochta thuasluaite (a bhfuil EUR 701 mhilliún de le haghaidh bearta glactha agus EUR 12,9 milliún de nár leithdháileadh in 2026), baineann an EUR 183 mhilliún atá fágtha den chuid is mó le hioncam sannta níos airde ná mar a bhí coinne leis ó cheartúcháin imréitigh comhréireachta in 2027. Dá bhrí sin, le méid comhcheangailte EUR 897 milliún, cumhdófar go hiomlán na riachtanais bhreise a bhfuil coinne leo in 2027 a luaitear thuas, dar luach EUR 816 mhilliún.

Mar thoradh ar na nuashonruithe sin, is é EUR 40 474,2 milliún méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas is gá le haghaidh CERT, lena n-áirítear EUR 437 milliún de leithreasuithe úra le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta. Fágann sé sin corrlach EUR 116,3 milliún faoi fho-uasteorainn CERT, a shocraítear faoi láthair ar EUR 40 590,5 milliún (glan ar aistrithe le CETFT). Mar is gnách le linn na bliana, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar na riachtanais le haghaidh CERT, lena n-áirítear na riachtanais maidir leis an gcúlchiste talmhaíochta, agus molfaidh sé réitigh bhuiséadacha ábhartha más gá agus de réir mar is gá.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
08 02 01	Cúlchiste talmhaíochta	– 12 935 508	– 12 935 508
08 02 02	Na cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	45 000 000	45 000 000
08 02 03	Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT	50 000 000	0
08 02 04	Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	– 172 000 000	– 172 000 000
08 02 05	Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT	6 721 000	6 721 000
08 02 06	Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh	2 150 000	6 150 000
Iomlán		**– 81 064 508**	**– 127 064 508**

[7] Rialachán (AE) 2021/2116 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

4. NA BEARTA ÉIGEANDÁLA FAOI SHRAITH AN BHIASHLABHRA DE CHLÁR AN MHARGAIDH AONAIR A THREISIÚ

Le sraith an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair, tacaítear le bearta éigeandála na mBallstát le haghaidh ráigeanna de ghalair ainmhithe. Tá brú leanúnach nach bhfacthas a leithéid riamh ar an Aontas ó ráigeanna móra de ghalair ainmhithe, go háirithe an Fliú Éanúil Ardphataigineach, Fiabhras Afracach na Muc, bolgach caorach agus bolgach gabhar, Galar Crúibe agus Béil agus Galar an Chraicinn Chnapánaigh. Mar shampla, le linn na tréimhse 2021-2026, bhí an líon ráigeanna den Fhliú Éanúil Ardphataigineach sé huaire níos airde ná mar a bhí ann faoin CAI roimhe sin (2014-2020).

Tacaíonn an Coimisiún leis na bearta éigeandála fíor-riachtanacha is gá chun na ráigeanna sin a shrianadh agus chun a dtionchar sláintíochta, eacnamaíoch agus trádála a theorannú, trí aisíocaíochtaí *ex post*. Leis na bearta sin cuirtear teorainn leis an riosca go leathfadh na ráigeanna a thuilleadh agus go mbeadh costais níos airde ann ag céim níos déanaí, rud a mbeadh iarmhairtí móra aige ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, ar thrádáil le tríú tíortha agus fiú ar shláinte an duine.

Ó bhí 2021 ann, slógadh méid iomlán EUR 482 mhilliún cheana féin faoi Chlár an Mhargaidh Aonair chun na críche sin. Mar sin féin, tá an méadú géar ar mhinicíocht, ar scála agus ar chostas ráigeanna i bhfad níos mó ná na hacmhainní atá ar fáil faoi shraith an Bhiashlabhra. Mar thoradh air sin, ba ghá rátaí cómhaoinithe a laghdú cheana féin ó 50–75 % go 20–30 % le haghaidh ráigeanna ó 2023 ar aghaidh. D'ainneoin na laghduithe sin, meastar gur thart ar EUR 430 milliún atá sna hoibleagáidí atá fós gan íoc maidir le comhaontuithe deontais arna síniú agus comhaontuithe deontais atá le teacht, agus níl ach thart ar EUR 305 mhilliún i leithreasuithe ar fáil ina leith faoi láthair in 2026 agus 2027. Cé gur féidir ráigeanna ón mbliain 2024 a chumhdach leis na hinfhaighteachtaí atá ann cheana féin, tá gá le méid breise EUR 125 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2026 agus 2027 chun aisíocaíochtaí le haghaidh ráigeanna a tharla in 2025 a chumhdach.

De bhreis ar threisiú EUR 47 milliún a iarradh i nDréachtbhuiséad Leasaitheach 3/2026[8], tá sé beartaithe an EUR 78 milliún atá fágtha i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a sholáthar sa Litir Leasaitheach seo. An tráth céanna, tá gá le EUR 62,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun íocaíochtaí cómhaoinithe a chumhdach in 2027.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
03 02 06	Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí	77 993 197	62 500 000
Iomlán		**77 993 197**	**62 500 000**

5. COIGEARTÚ AR NA LEITHREASUITHE ARNA N-IARRAIDH AG AN INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT

Tar éis thearcfheidhmíocht Phobal Eolais agus Nuálaíochta Monaraíochta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus tar éis a leachtaithe ina dhiaidh sin, rinne an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht athbhreithniú ar a chuid riachtanas le haghaidh 2027, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Tá sé beartaithe ag an Institiúid EUR 138 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thabhairt ar ais, ar leithreasuithe iad a bheartaítear a ath-leithdháileadh ar an gComhairle Nuálaíochta Eorpach faoi Cholún III den chlár Fís Eorpach.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

[8] COM(2026) 950, 9.10.2026.

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
01 02 03 03	An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)	– 138 214 164	0
01 02 03 01	An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach	138 214 164	0
Iomlán		**0**	**0**

6. AN COMHGHNÓTHAS UM SHLISEANNA LEITHREASUITHE A THABHAIRT AR AIS

I gcomhréir le hAirteagal 174 (14) den Bhunghníomh Aonair lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach[9], rinneadh EUR 87 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh faoi Fís 2020 a aistriú chuig an gComhghnóthas um Shliseanna óna réamhtheachtaí, an Comhghnóthas um Chomhpháirteanna agus Córais Leictreonacha le haghaidh Ceannaireacht Eorpach. Faoin Rialachán céanna, i gcásanna den sórt sin déanfar an méid a aistríodh ón tréimhse roimhe sin (2014-2020) a chomhaireamh in aghaidh na ranníocaíochta airgeadais atá le soláthar ag an Aontas don chomhghnóthas ábhartha sa tréimhse reatha (2021-2027). Ar an gcaoi sin, tagann an t-ioncam sannta in áit na ranníocaíochta buiséid a vótáladh don Chomhghnóthas. Dá bhrí sin, is féidir ranníocaíocht an Aontais le haghaidh 2027 a laghdú mar a leanas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
01 02 02 42	Braisle ‘Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás’— An Comhghnóthas um Shliseanna	– 87 000 000	– 87 000 000
Iomlán		**– 87 000 000**	**– 87 000 000**

7. OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH (OIPE) A THREISIÚ

Ó thosaigh rannpháirtíocht na Polainne agus na Sualainne in 2024, tá 24 Bhallstát rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE faoi Rialachán (AE) 2017/1939[10]. An 10 Iúil 2026, dheimhnigh an Coimisiún rannpháirtíocht na hUngáire sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE[11], tar éis don Ungáir fógra a thabhairt an 27 Bealtaine 2026 go bhfuil sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach. Rinneadh Ballstát rannpháirteach in OIPE den Ungáir go hoifigiúil an 2 Lúnasa 2026.

Molann an Coimisiún acmhainní OIPE a threisiú trí 16 phost breise sa phlean bunaíochta agus beirt Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht a leithdháileadh chun Ionchúisitheoir Eorpach a earcú agus le haghaidh na bhfeidhmeanna tacaíochta is gá chun an t-ualach oibre breise mar gheall ar an mBallstát rannpháirteacha breise a chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe buiséad OIPE a mhéadú EUR 2,2 milliún chun an caiteachas a bhaineann le rannpháirtíocht na hUngáire a chumhdach, ar caiteachas é a bhaineann le tuarastail na foirne atá le fostú chomh maith le caiteachas oibríochtúil, lena n-áirítear tuarastail deichniúr Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha breise atá le ceapadh san Ungáir, rud atá bunaithe ar thoimhde 6 mhí.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

9 Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021, IO L 427, 30.11.2021, lgh. 17–119.

10 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

11 Cinneadh (AE) 2026/1701 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2026 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hUngáire sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
07 10 08	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)	2 223 014	2 223 014
Iomlán		**2 223 014**	**2 223 014**

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

8. NUASHONRÚ AR NA COMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH INBHUANAITHE

Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil i dtaca le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus rinne sé athbhreithniú ar na riachtanais a bhfuil coinne leo le haghaidh 2027 ar bhonn na bhforbairtí sa chaibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann, mar a fhoráiltear i bpointe C de Chuid II den Chomhaontú Idirinstitiúideach[12]. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, molann an Coimisiún EUR 6,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ón gcúlchiste chuig príomhlíne oibríochtúil na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe. Baineann an t-aistriú sin atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de le prótacail nua leis na Séiséil agus le hOileán Mhuirís.

Leis an gcoigeartú atá beartaithe, is éard a bheidh sna leithreasuithe faoi chomhair gealltanas iomlána a bheidh ar fáil do na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe EUR 119,9 milliún sa chúlchiste agus EUR 44,3 milliún ar an bpríomhlíne oibríochtúil. Maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, beidh EUR 118,8 milliún i bhfoirm cúlchiste san áireamh sa mhéid iomlán EUR 168,8 milliún.

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
08 05 01	Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha	6 450 000	6 450 000
30 02 02	Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 08 05 01*)	– 6 450 000	– 6 450 000
Iomlán		**0**	**0**

9. SAORADH CÚLCHISTE - AN CLÁR UM NUÁLAÍOCHT SHOFHREAGRACH MHEAR I RÉIMSE NA COSANTA

An 25 Márta 2026, mhol an Coimisiún Eorpach an Clár nua um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta[13]. I gcomhréir leis an ráiteas reachtach, airgeadais agus digiteach a ghabhann leis an togra, cuireadh EUR 115 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 30 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcúlchiste.

Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air sa chruinniú tríthaobhach an 15 Iúil, tá sé beartaithe, dá bhrí sin, na leithreasuithe a aistriú ón gcúlchiste chuig an líne oibríochtúil maidir leis an gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

---

[12] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua , lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

[13] COM(2026) 135, 25.3.2026.

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
30 02 02	Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 13 09 01*)	– 115 000 000	– 30 000 000
13 09 01	An Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta	115 000 000	30 000 000
Iomlán		**0**	**0**

10. AN LÍNE MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH, COSAINT AR RADAÍOCHT AGUS COIMIRCÍ (ICSN) A THREISIÚ

Mar chuid de ghealltanas an Aontais a fógraíodh ag Cruinniú Mullaigh G7 sa Fhrainc i mí an Mheithimh 2026, gheall an Coimisiún cistiú deontais EUR 75 mhilliún chun an Gaibhniú Nua Daingean ag Gléasra Cumhachta Núicléiche Shiornóbail a dheisiú go práinneach. Tá athchóiriú iomlán ar an nGaibhniú Nua Daingean fíor-riachtanach chun sábháilteacht núicléach a áirithiú agus chun infheistíochtaí idirnáisiúnta a rinneadh le blianta anuas a chosaint.

Chun ranníocaíocht an Aontais a mhaoiniú, is gá líne bhuiséid oibríochtúil ICSN a threisiú le EUR 43 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus le EUR 18,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí in 2027. Déantar an méid sin a fhritháireamh go hiomlán le laghduithe sa líne a bhaineann le ICSN – Soláthar an chiste don soláthar coiteann (EUR 24,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas) agus i líne soláthair cúnaimh macrairgeadais na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (EUR 18,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon).

An EUR 32 mhilliún atá fágtha chun Gealltanas Shiornóbail a chumhdach, tá sé beartaithe é a mhaoiniú trí acmhainní atá ar fáil cheana féin in 2026 agus 2027, go háirithe EUR 6,4 milliún ó aistriú ó líne na ndeontas cúnaimh macrairgeadais in 2026 agus EUR 25,6 milliún trí ath-chlársceidealú agus saoradh laistigh de líne bhuiséid oibríochtúil ICSN in 2026 agus 2027.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
14 06 01	Sábháilteacht núicléach, cosaint ar radaíocht agus coimircí	42 980 446	18 600 000
14 06 02	ICSN - Soláthar an chiste don soláthar coiteann	– 24 380 446	0
15 02 02 03	IPA III - Soláthar an chiste don soláthar coiteann	– 18 600 000	– 18 600 000
Iomlán		**0**	**0**

11. AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH (CEANNTEIDEAL 7)

Sa LL 1/2027 seo, molann an Coimisiún coigeartuithe ar cheannteideal 7 'Riarachán Poiblí Eorpach', i ndáil le tionchar an choigeartaithe tuarastail mhéadaithe le haghaidh 2026 ar an gcaiteachas riaracháin in 2027.

Caiteachas riaracháin na nInstitiúidí

Agus dréachtbhuiséad 2027 á ullmhú, chuir an Coimisiún prionsabail an tsoláthair chobhsaí foirne i bhfeidhm agus méadú 2 % ar a mhéad ar chaiteachas nach mbaineann le tuarastal le haghaidh na n-institiúidí uile. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar iarrataí ó institiúidí eile chun dréachtbhuiséad a thíolacadh lena n-urramaítear na hoibleagáidí dlíthiúla uile agus prionsabail CAI. Ar an gcaoi chéanna, chuir an Coimisiún diansmacht i bhfeidhm ar a chaiteachas féin nach mbaineann le tuarastal, rud a chuir teorainn + 1,8 % leis an méadú, chun laghdú a chur ar an leas is gá a bhaint as ionstraimí speisialta.

Ó tháinig na Rialacháin Foirne athbhreithnithe i bhfeidhm in 2014, tá leibhéal an nuashonraithe tuarastail agus pinsean d'fhoireann institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais bunaithe ar mhodheolaíocht neamhroghnach ina bhfuil dhá ghné oibiachtúla. Is é an chéad ghné - an Táscaire Sonrach Domhanda - glanfhorbairt chumhacht ceannaigh na státseirbhíseach náisiúnta ó chiseán de 10 mBallstát[14], arb ionann é agus 75 % ar a laghad de OTI an Aontais. Cuirtear boilsciú sa Bheilg agus i Lucsamburg san áireamh sa dara gné - an tInnéacs Comhpháirteach. Áirithíonn uathoibríocht mhodh an nuashonraithe tuarastail go léiríonn an córas na teagmhais san fhíorgheilleagar agus cinntí na mBallstát araon, mar atá deimhnithe ag Eurostat i gcomhaontú le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta. Tá nuashonrú tuarastail measta mhí Iúil 2026 cothrom le + 4,1 %, méid atá níos airde ná an + 2,2 % a tuaradh le linn ullmhú DB 2027.

Cé go bhfoilseofar tuarascáil deiridh Eurostat faoin 31 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí agus go nglacfar an tuarascáil chomhfhreagrach ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa i mí na Samhna, tá údar maith ann, ag an tráth seo den bhliain bhuiséadach, le togra chun na leithreasuithe buiséadacha a choigeartú chun na paraiméadair is déanaí a chur san áireamh, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus an chruinnis bhuiséadaigh. Dá bhrí sin, tá athríomh déanta ag an gCoimisiún agus ag na hinstitiúidí eile ar a gcaiteachas tuarastail. Leis sin, méadaítear an caiteachas tuarastail faoi EUR 127,7 milliún i gcomparáid leis na meastacháin i ndréachtbhuiséad 2027.

Ina theannta sin, tagann méadú EUR 62,5 milliún ar an iarraidh ar chaiteachas pinsin, agus méadú EUR 8,5 milliún ar an iarraidh le haghaidh na Scoileanna Eorpacha.

I gcás Pharlaimint na hEorpa, áiríodh treisiú breise de EUR 10,0 milliún le haghaidh na Scéime Pinsin Deonaí ('an scéim').

Ó bunaíodh an Scéim Pinsin Dheonach bhreise in 1990, rinne Biúró Pharlaimint na hEorpa ('an Biúró') idirghabháil roinnt uaireanta chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an chiste a bunaíodh chun sócmhainní agus íocaíochtaí a bhainistiú ('an ciste'). Tar éis na mbeart sin, tháinig feabhas ar inbhuanaitheacht airgeadais an chiste agus cuireadh síneadh lena shaolré. Ina theannta sin, deimhníodh i mbreithiúnais na Cúirte Ginearálta an 17 Nollaig 2025 dlíthiúlacht na mbeart sin agus, dá bhrí sin, soláthraíodh deimhneacht dhlíthiúil chinntitheach a mhéid a bhaineann le bailíocht an chreata atá ann faoi láthair lena rialaítear an scéim.

D'ainneoin na bhforbairtí sin, ar bhonn réamh-mheastacháin achtúireacha a rinneadh le déanaí, meastar go mbeidh a shócmhainní ídithe ag an gciste faoi dheireadh 2026 ar a dhéanaí agus, dá bhrí sin, ní bheidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh ina dhiaidh sin. Dhéanfadh an t-ídiú ionchasach sin difear d'acmhainneacht an chiste leanúint d'íocaíochtaí míosúla pinsin a dhéanamh ach ní chuirfeadh sé deireadh, áfach, le cearta pinsin faighte na dtairbhithe ná le teidlíochtaí amach anseo faoin scéim a eascraíonn go háirithe as Reacht na bhFeisirí.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Biúró ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Meitheamh 2026 go ndéanfar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a fhorghníomhú, ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, go díreach ó roinn na Parlaiminte den bhuiséad, a n-iarrtar méid breise EUR 10 028 000 ina leith dá bhrí sin.

Déanfar an ráiteas buiséid comhfhreagrach maidir le líne bhuiséid 1 0 3 3 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin: 'Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ~~ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa leis an scéim pinsin dheonach bhreise do na Feisirí.~~*an íocaíocht a dhéanann Parlaimint na hEorpa i leith pinsean deonach breise le hIar-Fheisirí, lena gcomhpháirtithe marthanacha agus lena leanaí cleithiúnacha, i gcomhréir le rialacha na scéime pinsin deonaí.'*

[14] BE, DE, ES, FR, IT, LU, NL, AT, PL agus SE.

Tionchar foriomlán agus mionsonraithe de réir Ranna

Ar an iomlán, is é atá sa togra caiteachas neamhdhifreáilte cheannteideal 7 (Riarachán Poiblí Eorpach) a mhéadú faoi EUR 208,8 milliún i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2027, méid a fhágann gur gá dul ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair a thuilleadh. Comhfhreagraíonn sé do mhéadú EUR 137,8 milliún le haghaidh chaiteachas riaracháin na nInstitiúidí, EUR 62,5 milliún le haghaidh phinsin na n-institiúidí uile agus EUR 8,5 milliún le haghaidh na Scoileanna Eorpacha.

Maidir le Ceannteideal 7, seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

	Dréachtbhuiséad 2027	Litir Leasaitheach 1/2027	Dréachtbhuiséad 2027 lena n-áirítear LL1/2027
Pinsin agus Scoileanna Eorpacha	**3 466 019 747**	**70 949 186**	**3 536 968 933**
Pinsin	3 178 852 000	62 453 000	3 241 305 000
Scoileanna Eorpacha	287 167 747	8 496 186	295 663 933
Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**10 193 280 870**	**137 796 517**	**10 331 077 387**
An Coimisiún	4 691 408 813	68 724 193	4 760 133 006
Institiúidí eile	5 501 872 057	69 072 324	5 570 944 381
Parlaimint na hEorpa	2 654 274 753	40 036 383	2 694 311 136
An Chomhairle	752 724 665	9 025 199	761 749 864
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	555 075 777	7 937 648	563 013 425
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	205 670 000	3 289 000	208 959 000
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa	183 122 221	1 995 747	185 117 968
Coiste na Réigiún	138 750 785	1 649 347	140 400 132
An tOmbudsman Eorpach	16 633 612	267 000	16 900 612
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	30 262 189	372 000	30 634 189
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	965 358 055	4 500 000	969 858 055
Iomlán	**13 659 300 617**	**208 745 703**	**13 868 046 320**

Nuashonrú tuarastail

Seo a leanas an tionchar mionsonraithe de réir roinne, i ndáil le tionchar an choigeartaithe tuarastail mhéadaithe ó mhí Iúil 2026:

EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
Roinn I - Parlaimint na hEorpa		
1 0 0 0	Tuarastail	1 874 159
1 0 2	Liúntais idirthréimhseacha	24 354
1 0 3 1	Pinsin easláine (Rialacha ar speansais agus liúntais na bhFeisirí)	0
1 0 3 2	Pinsin marthanóirí (Rialacha ar speansais agus liúntais na bhFeisirí)	35 881
1 0 3 3	Scéim roghnach pinsin do na Feisirí	10 028 000
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	18 452 454
1 2 0 2	Ragobair ar íocaíocht	874
1 2 2 0	Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor chun leas na seirbhíse	95 744
1 4 0 0	Foireann eile – Ardrúnaíocht agus grúpaí polaitiúla	1 856 650
1 4 0 1	Foireann eile – Slándáil	1 059 507
1 4 0 2	Foireann eile – Tiománaithe san Ardrúnaíocht	197 036

EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
1 4 0 4	Tréimhsí oiliúna, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, malartuithe oifigeach agus cuairteanna staidéir	318 401
1 4 0 5	Caiteachas ar ateangaireacht	1 196 331
4 2 2	Caiteachas a bhaineann le cúnamh parlaiminteach	4 896 992
Fo-iomlán Roinn I		**40 036 383**
Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle		
1 0 0 0	Buntuarastal	9 000
